



Briathar

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire.....

Leibhéal 6	Measúnaigh	fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Leibhéal 5	Eagraigh	socrúithe nó ullmhúcháin a dhéanamh i gcomhair imeachta nó gníomhaíochta
	Dearadh	nós imeachta nó córas a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh
Leibhéal 4	Anailísigh	scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
	Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd
	Scrúdaigh	argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus idirghaolmhaireacht na saincheiste
	Déan Díospóireacht	Argóint struchtúrtha a thabhairt faoi thopaic
Leibhéal 3	Cuir i bhfeidhm	faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun an fheidhm atá leis i gcás tugtha a mhíniú
	Taispeáin	rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil
	Treoraigh	Tionchar a imirt nó tacú le hiompar nó le forbairt duine nó grúpa
	Cuir i bhFeidhm	cinneadh, plean nó comhaontú a chur i bhfeidhm
	Imscrúdaigh	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí úra
	Cuir i láthair	smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú
	Tabhair Fianaise	sonraí agus cáipéisíocht a thacaíonn le tátal nó le conclúid a thabhairt
	Déan Taighde	staidéar ar ábhair agus ar fhoinsí chun fíricí a shuí agus chun teacht ar chonclúidí nua
	Tabhair le Fios	réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh
	Úsáid	eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh. Rud éigin a chur i bhfeidhm ar bhealach dírithe
Leibhéal 2	Cuir síos	pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cú; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú
	Sainithin	patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair
	Pléigh	athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí. Tacaítear le tuairimí nó conclúidí le fianaise chuí
	Mínigh	mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna
Leibhéal 1	Sainmhíniú	míniú beacht a thabhairt ar fhocal, ar fhrása nó ar choincheap
	Tabhair breac-chuntas	cur síos nó achoimre a chur i láthair